2026/2331

16.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2331 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 13 Deireadh Fómhair 2026

maidir le Ceann Cholún Sibhialtach Mhisean Tacaíochta an Aontais Eorpaigh sa Liobáin (EUSM Lebanon) (EUSM Lebanon/1/2026) a cheapadh

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2026/2296 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2026 maidir le Misean Tacaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh sa Liobáin [1] , agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(1) de Chinneadh (CBES) 2026/2296, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha maidir le rialú polaitiúil a fheidhmiú agus treoir straitéiseach Mhisean Tacaíochta an Aontais Eorpaigh sa Liobáin (EUSM Lebanon) a dhéanamh, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann a cheapadh ar an gColún Sibhialtach, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 30 Meán Fómhair 2026, mhol an tArdionadaí Robert Edwin BOER a cheapadh ina Cheann ar Cholún Sibhialtach EUSM Lebanon ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2027.

(3) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Robert Edwin BOER a cheapadh ina Cheann ar Cholún Sibhialtach EUSM Lebanon ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar Robert Edwin BOER ina Cheann ar Cholún Sibhialtach Mhisean Tacaíochta an Aontais Eorpaigh sa Liobáin (EUSM Lebanon) ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 13 Deireadh Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. FEENEY

[1] IO L, 2026/2296, 13.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2296/oj.